

## Baile Íomhair

### 1.0 Comhthéacs/Nádúr an tSráidbhaile

Tá Baile Íomhair lonnaithe in iardheisceart Chontae na Mí, gar don teorainn leis an larmhí. Tá sé tuairim is 15km ar an taobh thiar de Bhaile Átha Troim, 16km ar an taobh thoir thuaidh de Chionn Átha Gad agus 11km ar an taobh ó dheas de Bhaile Átha Buí. Tá an sráidbhaile lonnaithe ag an áit a dtagann dhá bhóthar tuaithe agus bóthar réigiúnach, an R156, le chéile. Forbraíodh Baile Íomhair i bpatrún líneach ar feadh an R156, a cheanglaíonn an Muileann gCarr le Baile Átha Cliath. Déantar soláthar sa tsráidbhaile do raon áiseanna agus seirbhísí faoi láthair.

<b>Áit san Ordlathas lonnaíochta</b>	Sráidbhaile		
<b>Daonra</b>	2011	2016	% Athrú
	1,727	1,809	Méadú 4.7% ar dhaonra
<b>Leithdháileadh Teaghlaigh na Croístraitéise</b>	40 aonad		
<b>Aonaid a ghealltar nár tógadh fós</b>	0		
<b>Uimh. an tSoláthair Tithíochta</b>	683		
<b>Áiseanna Oideachais</b>	Bunscoil Naomh Columbanus, Giggles Childcare.		
<b>Áiseanna Pobail</b>	Séipéal Caitliceach Rómhánach, Comhar Creidmheasa, Stáisiún na nGardaí, Ionad Sláinte, Ionad Pobail agus reilig. Deonaíodh cead pleanála do theach altranais freisin (féach Plean Tag. Clár. TA/140621) agus d'fhorbairt nua CLG (féach Plean Tag. Clár. TA/170178).		
<b>Limistéar Comhaontais Ailtireachta</b>	Ceann ar bith		
<b>Déanmhais Chosanta</b>	Tá 6 dhéanmhas cosanta laistigh de theorainn an tsráidbhaile RPS MH035-101, Ionad Sláinte Bhaile Íomhair RPS MH035-102, Reilig Chaitliceach Rómhánach Naomh Columbas RPS MH035-104 Eaglais Chaitliceach Rómhánach Naomh Columbanus RPS MH035-103 Eaglais Naomh Cainneach Eaglais na hÉireann RPS MH035-105 Caidéal Uisce RPS MH035-106 Teach Bhaile na Páirce		
<b>Toilleadh Bonneagair</b>	Ionad Cóireála Uisce Bhaile Íomhair - Toilleadh ar Fáil. Ionad Cóireála Fuolluisce Bhaile Íomhair - Toilleadh ar Fáil.		
<b>Measúnacht Straitéiseach ar Phriacail Tuile</b>	Tá – Téann Criosanna Tuile A agus/nó B thar thailte ar an taobh ó dheas den R156.		
<b>Láithreáin Natura 2000</b>	Níl – is é LCS na Bóinne agus na hAbhann Duibhe an suíomh is gaire, thart ar 2km taobh thoir thuaidh den sráidbhaile.		
<b>Crios Acmhainneachta Seandálaíochta</b>	N/B		

## 2.0 Fís

An fhís atá ann chun Baile Íomhair a fhorbairt thar shaolré an Phlean seo ná an sráidbhaile a chomhdhlúthú agus soláthar a dhéanamh do riachtanais amach anseo trí bhithin talamh chúil, talamh inlíonta agus talamh a ndearnadh faillí ann a athfhorbairt, tacú le háiseanna pobail atá ann agus atá molta, agus leanúint d'iarreachtaí chun deiseanna fostaíochta a fheabhsú. Déanfar rannchuidiú dearfach leis an tsráidbhaile ach cáilíocht oidhreacht thógtha agus nádúrtha an tsráidbhaile a chaomhnú agus a fheabhsú. Ní spreagfar ach fás cónaitheach nádúrtha/orgánach thar shaolré an Phlean Forbartha, i gcomhréir le Croístraitéis an Phlean Forbartha.

## 3.0 Deiseanna

- Tá foirgnimh fholmha (aonaid atógtha ina measc) ar feadh na Príomhshráide, chomh maith le talamh tearc-úsáide, agus cuireann sin deis ar fáil príomhacht na sráide seo a threisiú agus a chomhdhlúthú trí bhithin athfhorbairt agus úsáidí eile a spreagadh.
- Cuirtear raon maith seirbhísí agus áiseanna ar fáil i mBaile Íomhair agus is tábhachtach go gcoinneofar iad agus go dtreiseofar iad nuair is féidir sin.
- Bheadh sé ina bhuntáiste mór do gheilleagar Bhaile Íomhair agus don cheantar máguaird úsáid fostaíochta inmharthana a bhaint as an láithreán ina mbíodh NEC Semiconductors agus chabhródh sé le seirbhísí agus áiseanna áitiúla a chothabháil.

## 4.0 Straitéis Talamhúsáide

Is éard is aidhm leis an straitéis talamhúsáide lár an tsráidbhaile a chomhtháthú agus a threisiú agus forbairt nó athfhorbairt ar thalamh atá lonnaithe go straitéiseach sa sráidbhaile a chur chun cinn. Le Croístraitéis an Phlean Forbartha Contae, féachtar le soláthar a dhéanamh d'fhás nádúrtha ar bhealach inbhuanaithe a bheadh comhtháite laistigh de thimpeallacht thógtha an tsráidbhaile.

### 4.1 Lonnaíocht agus Tithíocht

Tá roinnt forbairtí tithíochta seanbhunaithe sa sráidbhaile. Maidir leis an leithdháileadh teaghlaigh sa Chroístraitéis (i.e. 62 aonad), tá go leor talún criosaithe le haghaidh úsáidí cónaitheacha agus lár baile sa bhaile chun freastal ar riachtanais tithíochta agus tráchtála/seirbhísí amach anseo thar shaolré an Phlean Forbartha.

### 4.2 Eacnamaíocht agus Fostaíocht (Miondíol san áireamh)

Déanann an sráidbhaile soláthar do raon leathan seirbhísí miondíola/tráchtála, ag teacht lena shuíomh ar leibhéal 4 ar chéimlathas miondíola an Chontae. San áireamh sa soláthar miondíola agus seirbhísí tá cógaslann, siopa bronnantas, soláthairtí tréidliachta, dhá theach tábhairne/bhialann, trí shiopa áise/grósaeireachta, dhá caifé, stáisiún peitрил/siopa áise, dhá shiopa bearbóra, oifig an phoist, comhar creidmheasa, áitreabh gruaige/áilleachta, búistéar, bia beir leat, geallghlacadóirí agus siopa cruu-earraí.

Tá roinnt láithreán talamh chúil criosaithe d'úsáidí 'Lár Baile' B1, rud a sholáthraíonn deiseanna d'fhiontair bheaga go meánmhéide. Tá roinnt aonad folamh ar an bpríomhshráid freisin, agus dhéanfaí an tsráid a athbheochan dá mbeadh siad áitithe.

Tá an iar-shaoráid tionsclaíoch NEC Semiconductors, ar achar 12,500 méadar cearnach criosaithe le haghaidh ‘Úsáid Fiontair’ E2. Deis mhór le haghaidh fostaíocht sa sráidbhaile atá sa láithreán seo. Tá go leor tailte atá lonnaithe go cuí agus atá criosaithe le haghaidh úsáid lár baile agus úsáid giniúint fostaíochta chun freastal lar riachtanais an tSráidbhaile thar shaolré an Phlean Forbartha.

### 4.3 Bonneagar

Freastalaíonn aonad cóireála fuíolluisce Bhaile Íomhair, atá lonnaithe ar an taobh thoir den sráidbhaile, ar an sráidbhaile faoi láthair. Faightear an soláthar uisce don sráidbhaile ó aonad cóireála uisce Bhaile Íomhair. Tá toilleadh ar fáil faoi láthair maidir le soláthar uisce agus cóireáil fuíolluisce.

### 4.4 Gluaiseacht

Tá gluaiseacht agus rochtain sa sráidbhaile dírithe ar feadh na príomhshráide (an R156) a mbíonn go deor feithiclí uirthi. Cuireann Bus Éireann nasc comaitéireachta ar fáil ó Bhaile Íomhair go Baile Átha Cliath, via Cnoc an Línsigh agus Maigh Nuad. Is tábhachtach an trácht feithicle a théann tríd an sráidbhaile a bhainistiú agus áiseanna trasnaithe sábháilte a chur ar fáil do choisithe agus do rothaithe. Tá deiseanna ann chun daoine a spreagadh roinnt patrún ghluaiseachta a atreorú ón bpríomh-bhealach ‘dromlaigh’ sa sráidbhaile.

### 4.5 An Oidhreacht Cultúrtha agus Náisiúnta

Tá roinnt foirgneamh agus struchtúr i mBaile Íomhair atá tábhachtach ó thaobh na staire de, lena n-áirítear Ionad Sláinte Bhaile Íomhair, Reilig CR Naomh Columbanus, Eaglais CR Naomh Columbanus, Teach Bhaile na Páirce agus Eaglais Naomh Cainneach Eaglais na hÉireann. Cuireann Eaglais Naomh Cainneach deis ar fáil chun úsáid a bhaint as tailte i lár an bhaile chun leasa an phobail.

Níl aon láithreáin Natura sa sráidbhaile, ach téann na srutháin a théann trí Bhaile Íomhair isteach sa Bhóinn, atá ina Limistéar ainmnithe faoi Chaomhnú Speisialta agus ina Limistéar faoi Chosaint Speisialta. Tá an láithreán Natura 2000 seo lonnaithe tuairim is 2km ar an taobh thoir thuaidh den sráidbhaile. Tá roinnt clampa crann suntasach sa sráidbhaile nach mór a chosaint (féach na cuspóirí thíos).

### 4.6 Bonneagar Glas

Cé go bhfuil roinnt limistéir spáis oscailte laistigh d’fhorbairtí tithíochta, tá easpa spás oscailte struchtúrach/tírdhreacha ag an sráidbhaile. Tá acmhainneacht ann cosán a thógáil ar feadh an tsrutháin go dtí an taobh ó dheas den sráidbhaile agus mar sin tosú ar líonra glas siúil/rothaíochta a fhorbairt.

### 4.7 Bonneagar Sóisialta

Déantar soláthar maith don sráidbhaile ó thaobh bonneagar sóisialta de:- bunscoil, séipéal, reilig, Comhar Creidmheasa, Stáisiún na nGardaí, ionad sláinte, ionad pobail, saoráid chúram leanaí, agus saoráid CLG. Tá páirceanna imeartha agus achair le dromchla crua ag an scoil, a tógadh le déanaí.

Fuarthas cead le déanaí chun forbairt CLG a thógáil ag Cill Chonagáin, lena n-áirítear páirceanna imeartha agus clubtheach, rud a chuirfidh tuilleadh le bonneagar sóisialta an tsráidbhaile. Bhainfí tairbhe as páirc phobail/áit súgartha sa sráidbhaile freisin.

Tá an Chomhairle ag fiosrú cibé an féidir áis leabharlainne a chur ar fáil i mBaile Íomhair. Táthar ag fiosrú cibé an féidir Eaglais Naomh Cainneach a athchóiriú agus a athdheisiú chun na críche sin. Aithnítear go leagtar amach uailmhianta an phobail don sráidbhaile, ón taobh sóisialta de, i bPlean Athbheochana Pobal Bhaile Íomhair chomh maith. Tá an Chomhairle sásta go bhfuil go leor tailte curtha in áirithe don bhonneagar sóisialta/pobail chun freastal ar an daonra reatha agus ar an daonra atá beartaithe sa todhchaí, thar shaolré an Phlean Forbartha.

## 4.8 Dearadh Uirbeach agus Ríocht Phoiblí

Tá lárphointe nádúrtha sa sráidbhaile ag an gcrosbhealach céimnithe agus tá a charachtar de shráidbhaile tuaithe coinnithe aige. Tá acmhainneacht ann, áfach, béim níos mó a chur ar an gcrosbhealach céimnithe, mar tugtar ar aird go bhfuil an dá choirnéal san áit a mbuaileann Bóthar Bhaile Átha Buí leis an bpríomhshráid folamh agus éighníomhach. Bheadh sé inmhianta an ríocht phoiblí agus an sráid-dreach a fheabhsú trí bhithin sainchomharthaí/lárphointí a fheabhsú ach láithreáin a ndearnadh faillí iontu agus áiteanna as feidhm a athfhorbairt, ceannas iarbhír/braite na mbóithre agus na bhfeithicíl a laghdú, agus feabhas a chur ar chuma an tsráidbhaile (lena n-áirítear bailchríoch sráide, cosáin agus an ríocht phoiblí).

## 5.0 Beartais agus Cuspóirí Forbartha Baile/Sráidbhaile

Tá na Beartais agus na Cuspóirí a leagtar amach thíos de bhreis ar na cinn siúd a shonraítear sa Ráiteas i Scríbhinn in Imleabhar a hAon den Phlean Forbartha Contae. Chun an t-athrá a sheachaint, ní athluaitear Beartais agus Cuspóirí ach amháin má tá ábharthacht ar leith ag baint leo maidir leis an lonnaíocht. Ba cheart na Beartais agus na Cuspóirí seo a léamh mar sin in éineacht leis na Beartais agus na Cuspóirí agus na Caighdeáin Forbartha in Imleabhar a hAon den Phlean Forbartha Contae.

### Beartas

Is é beartas na Comhairle é

### Lonnaíocht agus Tithíocht

BEA B.Í. 1      Forbairt Bhaile Íomhair amach anseo a chur chun cinn, le go mbeidh sé ina lonnaíocht dhlúth ina bhfuil timpeallacht ar leas coisithe, cineálacha talamhúsáide agus áiseanna éagsúla, fada chosnófar an oidhreacht thógtha agus nádúrtha agus fad a fhreastalófar ar riachtanais gach cuid den phobal áitiúil lena chinntiú go ndéanfar an sráidbhaile a fhorbairt ar bhealach inbhuanaithe, mar áit tharraingteach le bheith ag cónaí agus ag obair ann, agus le cuairt a thabhairt air.

### Cuspóirí

Is é cuspóir de chuid na Comhairle é

### Lonnaíocht agus Tithíocht

CUS B.Í. 1	Cur i bhfeidhm na Croístraitéise sa Phlean Forbartha Contae a áirithiú, a mhéid agus a bheidh praiticiúil, trína chinntiú nach sárófar an leithdháileadh teaghlaigh do Bhaile Íomhair, mar atá leagtha amach i dTábla 2.11 den Chroístraitéis.
CUS B.Í. 2	Tacú le forbairt chónaitheach ar thalamh tearc-úsáide agus/nó ar thailte folmha, lena n-áirítear láithreáin ‘inlonta’ agus láithreáin ‘a ndearnadh faillí ann’, agus an fhorbairt sin a spreagadh, faoi réir ag ardchaighdeán dearaidh agus leagan amach a bhaint amach.

### Eacnamaíocht agus Fostaíocht

CUS B.Í. 3	An t-achar i lár an tsráidbhaile a chomhdhlúthú chun críocha tráchtála agus forbairt ar thalamh inlonta/cúil a chur chun cinn.
CUS B.Í. 4	Cur chuige réamhghníomhach agus solúbtha a ghlacadh maidir le húsáid fostaíochta eile a fháil don láithreán ar a mbíodh NEC Semiconductors, i gcomhar leis an bpáirtí leasmhar ábhartha.
CUS B.Í. 5	Féachaint le Lárionad Fiontraíochta a chur ar fáil ar an láithreán ar a mbíodh NEC.
CUS B.Í. 6	Féachaint le foirgnimh agus áiseanna eile, lena n-áirítear páirceáil carranna, ar an láithreán ar a mbíodh NEC a úsáid arís chun fostaíocht a ghiniúint, nuair is féidir sin.

### Bonneagar

CUS B.Í. 7	Idirchaidreamh a dhéanamh le hUisce Éireann agus tacú leo, maidir le seirbhísí uisce leordhóthanacha a sholáthar chun freastal ar riachtanais forbartha an tsráidbhaile le linn thréimhse an Phlean.
CUS B.Í. 8	Baol tuilte agus forbairt a bhainistiú i gcomhréir leis an Measúnú Straitéiseach Baol Tuilte. (Imleabhar 5 Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta, Measúnacht Chúí agus Measúnúnú Straitéiseach Baol Tuilte).

### Gluaiseacht

CUS B.Í. 9	Lúba siúlóide/rothaíochta sa sráidbhaile agus timpeall air a chur chun cinn, agus go háirithe ar feadh an tsrutháin ar an taobh ó dheas den sráidbhaile, agus chuig an tsaoráid CLG nua.
CUS B.Í.10	Tacú le bainistiú tráchta iomchuí agus le bearta feabhsaithe comhshaoil ar fud an tsráidbhaile.

### An Oidhreacht Cultúrtha agus Náisiúnta

CUS B.Í. 11	Féachaint le háis don phobal a sholáthar ag Eaglais Naomh Cainneach.
-------------	--

CUS B.Í. 12	Na clampa crann suntasach sa sráidbhaile a chosaint, mar a shainaithnítear iad ar an léarscáil criosaithe talamhúsáide, lena n-áirítear na cinn taobh amuigh den Bhunscoil, os comhair Theach Gléibe siar ó Bhóthar Bhaile Átha Troim, agus ar feadh Bhóthar Chionn Átha Gad.
CUS B.Í. 13	Cur i bhfeidhm Phlean Gníomhaíochta Bithéagsúlachta Bhaile Íomhair 2018-2022, ar plean faoi stiúir an phobail é, a éascú agus tacú leis.

### Sóisialta

CUS B.Í. 14	Áiseanna pobail atá ann cheana féin a chosaint, nuair is cuí, agus tacú le hiad a fhorbairt tuilleadh agus a leathnú amach, más gá.
CUS B.Í. 15	Cur i bhfeidhm Phlean Athbheochana Pobal Bhaile Íomhair agus tionscadail eile faoi stiúir an phobail a éascú agus tacú leo d'fhonn feabhas ginearálta a chur ar an sráidbhaile fad a chinnteofar go mbeidh na tionscadail a thiocfaidh as sin i gcomhréir leis na cuspóirí forbartha sa Ráiteas Scríofa seo don sráidbhaile.
CUS B.Í. 16	Fiosrú a dhéanamh ar áis leabharlainne a chur ar fáil i mBaile Íomhair agus í a sholáthar más indéanta. Fiosrú a dhéanamh ar Eaglais Naomh Cainneach a athchóiriú agus a athdheisiú chun na críocha sin.

### Dearadh Uirbeach agus Ríocht Phoiblí

CUS B.Í. 18	Tacú le hoibreacha feabhsúcháin don ríocht phoiblí i gcroílár an tsráidbhaile; díriú ar chosaint, bána páirceála tiomnaithe, trasrian coisithe eile, troscán agus comharthaíocht sráide agus cosáin rothaíochta, más féidir.
CUS B.Í. 19	Féachaint le sainchomharthaí/lárphointí i mBaile Íomhair a fheabhsú trí bhíthin láithreáin a ndearnadh faillí iontu agus áiteanna as feidhm a athfhorbairt.
CUS B.Í. 20	Feabhas a chur ar bhailchríoch sráide, ar chosáin agus ar an ríocht phoiblí ghinearálta.
CUS B.Í. 21	Carachtar an tsráidbhaile agus a thimpeallacht a chaomhnú trí bhíthin a éileamh go gcuirfidh airde, scála agus dearadh aon fhorbairt sa sráidbhaile le carachtar an tsráidbhaile agus nach laghdóidh siad idirdhealaitheacht na háite.